

nuair a rinneadh agóid in aghaidh Faulkner, Aire na Gaeltacht san am. Scríobh seachtar nó hochtar as an áit ag an bpáipéar ag daora na h-ógóide in a dhiaidh sin. Orthu sin bhí C.E.O., Ardmháistir Ceardscoile, Bráthair nó dhó, múinteoirí scoile. Cé hiad seo? Sa gcás áirid seo bhí ainm eicint acu orthu féin, ach d'fhéadfaí ainm eile a thabhairt orthu gan aithreas, Coiste Áitiúil Chonra na Gaeilge. Siad an cineál daoine iad, le roinnt eile a chur san áireamh — Cléireach Baine b'fhéidir, ceannfort sna gárdaí síochána, sagart óg — ar dóigh dóibh Gaeilge a bheith acu i mbaile ar bith. Ach arís i ngeall ar Ghaeilge go háirid atá siad in aon bhun amháin? Dhá mteadh fear oibre as Conamara, Gaeilgeoir, sa tSráidbhaile ar dhóide dhó a bheith sa gcraobh sin? Nó dhom féin? Agus seo iad craobh-achaí Chonra na Gaeilge mórán ar fud na tíre. Is míleu sóisialta é. Gheobha tú comhlódar do dhiongbhála ann. Is é an cineál áite é ar dual do leithéid Faulkner a bheith. Is furasta do dhúine a cur de dhallmullóg air féin gur i ngeall ar chúis atá sé ann. Sna bailte beaga is tearmann curmáca é dor chineál seo daoine, deis sheachanta agus imghabhála, evasion. Is fiú a thabhairt faoi ndara a casca agus a mhínicé agus a léas craobh mar seo de Chonra na Gaeilge agus a theagas eagrais eicint eile, eagrais ar bhliú móra, ina tsáit agus arís iad na daoine céanna, fear ar an bhfear agus bean ar an mbean a bhíos san eagrais nua a bhí sa gConra romha sin.

Bhí scéin agus buile dháiríre ar na daoine seo sa tSráidbhaile. Ní hé amháin nach bhfaca siad agóid mar seo dhá dhéanamh ach ní fhaca siad agóid ar bith dhá dhéanamh ag cruinniú Gaeilge! Ní shin rud a dhéantar. Chuir duine acu cluais air féin ag éisteacht le beirt againn ag caint. D'iontaigh sé isteach ar charaid leis "Tá Gaeilge acu," arsa seisean, "i nGaeilge atá siad ag caint!" "Tuige arís ag Béarlóireacht atá sibh?" arsa duine acu dom. "Le cinntú go dtugfeadh an tAire muid," arsa mise. "Ach tá muid i n-ann an agóid a dhéanamh i nGaeilge agus más maith leat . . ." "O ná déan!" arsa seisean, "ní dhéanfa sé sin maith ar bith don Ghaeilge."

Ní bhíonn daoine easaontach le chéile ag cruinniú Gaeilge! Fianna Fáil ar fad a bhí sna daoine sin. Ní amaíneoidís go bhféadfadh duine a bheith ar a mhalairt, ní hé amháin ansin ach in aon áit eile. Is scata beag daoine iad agus ghetto den chineál is measa déanta acu diobh féin, ghetto na hin-tinne. Measaim gurb sheo é atá déanta ag an gConra ar fad dhe féin. Taobh amuigh den Chonra níl aon slánú. "Is se breá go leor agabhsa a bheith ag caint in a sui suas ag cuntair tithé ósta," adeir Malachy, "ach tá mortabháil chúig mhíle duine ormsa. Cá raibh sibhsa nuair a bhí muid ag troid an L.F.M. i gCorcaigh, i bPort Láirge, i mBéal Átha na Sluaí . . ." Ní hiad Conra na Gaeilge, cuid Bhaile Átha Cliath ar aon nós, a throid i gCorcaigh ná i bPort Láirge. Maidir le Béal Átha na Sluaí ba scanail shacila nár dearnadh aon troid. Pé ar bith cé an troid atá ar siúl anois in Áth Eascrach? Is fada amach uaithi an Conra. Pé ar bith cé an t-eolas a bhí nó atá acu ar na rudaí seo go léir rinne siad scéal rúin dhe. Bua nó diomú sa gcás sin ba iad féin a bhéarfadh buntáiste air. Bua, d'fhéadfaidís a rá agus deir gur b'iad féin a bhain é. Diomú, féadfa siad a rá gur bua a bheadh acu marach nár chuidigh na Gaeilgeoirí eile leis an gConra. C'est magnifique, mais ce n'est pas la guerre. A n-íomhá atá ag cur inní anois orthu! Ní call dhúinn a cheapa choíchín go ndéanfa siad